Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10387/22**

**EF 179**
**ECOFIN 638**
**DELACT 98**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3589 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN an 10.6.2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear íos-mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála agus maidir leis an gcineál tuarascálacha atá le húsáid |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3589 final.

Faoi iamh: C(2022) 3589 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.6.2022
C(2022) 3589 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 10.6.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear íos-mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála agus maidir leis an gcineál tuarascálacha atá le húsáid**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Rialachán (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (REFIT EMIR) agus lena dtugtar isteach roinnt cumhachtuithe le haghaidh ESMA chun caighdeáin theicniúla cur chun feidhme agus rialála a bhaineann le creat tuairiscithe faoi EMIR a fhorbairt.

Tá úsáid bainte ag ESMA as an gcumhachtú a bhí ann cheana féin in Airteagal 9(5) EMIR chun athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin theicniúla rialála maidir le tuairisciú. Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún Uimh. 148/2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála faoi íos- mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála[1], tá athbhreithniú déanta air roinnt uaireanta ó ghlacadh den chéad uair é in 2013, chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí arna dtuairisciú, go príomha. Tá soiléiriú tugtha ag ESMA freisin ar ghnéithe áirithe de na rialacha sin a chruthaigh fadhbanna don mhargadh, trí Cheisteanna agus Freagraí.

Chun feabhas a chur ar inléiteacht an chreata agus chun comhleanúnachas leis na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme nua agus le caighdeáin eile arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a áirithiú, tá dréachtchaighdeán teicniúil rialála molta ag ESMA lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe 148/2013.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

### *Gnéithe nós imeachta*

Rinne ESMA comhairliúchán poiblí maidir lena dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme idir an 26 Márta 2020 agus an 3 Iúil 2020. Fuair ESMA 41 fhreagra ón bpobal agus 10 bhfreagra rúnda san iomlán.

### *Dearcadh na ngeallsealbhóirí*

<u>*Mionsonraí atá le leagan amach sna tuarascálacha*</u>

Sa Pháipéar Comhairliúcháin, mhol ESMA struchtúr nua le haghaidh na dtáblaí réimsí. Tríd is tríd, cuireadh fáilte roimh na soiléirithe agus roimh na hathruithe beartaithe i struchtúr na dtáblaí. Léiríodh roinnt imní, áfach, maidir leis an líon réimsí intuairiscithe sna barúlacha ginearálta ar an bPáipéar Comhairliúcháin. Ní mór a thabhairt faoi deara go mbaineann formhór an mhéadaithe ar an líon réimsí le (i) ailíniú leis an treoraíocht dhomhanda agus (ii) feabhas ar shonrú na sonraí intuairiscithe. Thairis sin, roinnt de na réimsí a ndearna ESMA comhairliúchán fúthu, níor áiríodh iad sa dréacht deiridh i bhfianaise an aiseolais a fuarthas mar gheall gur measadh nach raibh siad chomh criticiúil (e.g. sainaitheantóir agus cineál tairbhí, táscaire truicir maidir le rátáil contrapháirtí agus táscaire tairsí maidir le rátáil contrapháirtí).

[1] IO L 52, 23.2.2013, lgh. 1–10.

*Tuairisciú ar theagmhais saolré*

Tá sé de cheangal ar Chontrapháirtithe agus ar CPLanna, de bhun Airteagal 9(1) de EMIR arna leasú le REFIT EMIR, ní hamháin cur i gcrích díorthaigh a thuairisciú, ach 'aon mhodhnú nó foirceannadh i leith an chonartha sin' a thuairisciú freisin. Tá gá le ceanglais faoi thuairisciú ar theagmhais saolré a bheadh trédhearcach agus mionsonraithe go leordhóthanach lena áirithiú go bhféadfaidh na húdaráis léargas iomlánaíoch agus cruinn a fháil ar na neamhchosaintí sa mhargadh ag am ar bith. Dá bhrí sin, tá an fhaisnéis sin ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar an riosca córasach agus chun méadú ar thrédhearcacht mhargadh na ndíorthach. Sa Pháipéar Comhairliúcháin, mhol ESMA cur chuige athbhreithnithe ar thuairisciú ar theagmhais saolré, mar gheall nach bhfuil an cur chuige reatha in ann tuiscint mhaith ar an teagmhas gnó a spreag an tuarascáil a sholáthar do na húdaráis. Is é is bonn don chur chuige molta an fhaisnéis faoi theagmhais saolré a dheighilt ina dhá réimse thiomnaithe: 'Cineál gníomhaíochta' – lena sonraítear cibé an ndéantar taifead a bhaineann leis an trádáil i gceist a chruthú, a mhodhnú, a cheartú, a fhoirceannadh, etc. i dtuarascáil faoi leith, agus 'Cineál teagmhais' – lena dtugtar faisnéis faoin gcineál teagmhais ghnó a spreag tuarascáil faoi leith. Tacaítear go leathan leis an tsamhail mholta agus dheimhnigh formhór mór na bhfreagróirí go bhfuil an moladh an- soiléir, tríd is tríd. Mar sin féin, léirítear leis an iliomad barúlacha mionsonraithe ón tionscal go mbeidh breis treoraíochta (lena n-áirítear samplaí nithiúla) tábhachtach chun tuiscint agus cur chun feidhme comhsheasmhach ag rannpháirtithe margaidh a áirithiú.

*Trádálacha imréitithe*

Forordaítear le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 148/2013, maidir le conradh díorthach ar tuairiscíodh mionsonraí faoi cheana féin de bhun Airteagal 9 EMIR, i gcás ina n-imréitíonn CPL an conradh díorthach sin ina dhiaidh sin, go dtuairisceofar an conradh a bheith foirceannta tríd an gcineál gníomhaíochta 'Foirceannadh Luath' a úsáid. Tuairisceofar na conarthaí nua a leanfaidh as imréiteach tríd an gcineál gníomhaíochta 'Nua'. Déantar foráil san Airteagal céanna, i gcás ina dtugtar conradh i gcrích ar ionad trádála agus go n-imréitítear é an lá céanna, nach dtuairisceofar ach na conarthaí a leanann as imréiteach. Ina theannta sin, ba cheart do na contrapháirtithe an CPL agus an comhalta imréitigh a shainaithint sa tuarascáil, chomh maith leis an stampa ama imréitigh a shonrú. Mhol ESMA an loighic tuairiscithe sin agus na réimsí ábhartha a choinneáil ar bun.

*Tuairisciú ar leibhéal suímh*

Chun comhaireamh dúbailte ar thuarascálacha ar thrádálacha agus ar shuíomhanna in EMIR a sheachaint, ní mór na tuarascálacha ar na trádálacha bunaidh a thabhairt cothrom le dáta agus stádas iomchuí a thabhairt dóibh, chun go mbeidh sé soiléir nach bhfuil siad oscailte a thuilleadh. Sa Pháipéar Comhairliúcháin, mhol ESMA an cur chuige reatha a choinneáil ar bun, ach athruithe beaga a dhéanamh air. Ina theannta sin, mhol ESMA a shoiléiriú gur cheart an tuairisciú ar leibhéal suímh a chomhaontú idir an dá chontrapháirtí, i.e. ba cheart don dá chontrapháirtí le trádáil an díorthach a chur san áireamh i suíomh nó leanúint de na teagmhais saolré ábhartha a thuairisciú ar leibhéal trádála. Fuarthas aiseolas measctha ar an bpointe sonrach sin. Aithníonn ESMA na deacrachtaí féideartha a bhaineann leis an leibhéal tuairiscithe idir contrapháirtithe a chomhaontú go déthaobhach agus an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag fadhbanna den sórt sin ar an réiteach. Ós rud é gur rogha seachas ceanglas é tuairisciú ar leibhéal suímh, soiléiríonn ESMA gur bealach chun cinn réamhshocraithe é an tuairisciú ar leibhéal suímh, rud a chiallaíonn gur cheart do chontrapháirtithe na díorthaigh a thuairisciú ar leibhéal trádála, in éagmais comhaontú

eatarthu. Ní bheidh tuairisciú ar leibhéal suímh indéanta go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha ábhartha go léir agus go gcomhaontóidh an dá chontrapháirtí tuairisciú ar leibhéal suímh.

*Comhthaobhacht a thuairisciú*

Maidir le héarlaisí, cuireadh roinnt réimsí breise san áireamh i gcomhréir le treoraíocht idirnáisiúnta. Ba cheart dóibh a chur ar chumas údarás rioscaí atá ag teacht chun cinn i margaí díorthach de bharr athruithe ar na caolchorrlaigh arna gcur i bhfeidhm a shainaithint. Ar bhonn comhiomlán, d'fhéadfaí iad a úsáid chun leibhéal meán ualaithe na gcaolchorrlach arna gcur i bhfeidhm in aghaidh na punainne a chinneadh freisin, chomh maith le héabhlóid an leibhéil sin in imeacht aimsire. Chabhródh faisnéis den sórt sin le húdaráis cáilíocht na comhthaobhachta a thomhas, measúnú a dhéanamh ar éabhlóid na giarála sa chóras airgeadais agus ar charnadh an struis agus na rioscaí sistéamacha, ó dhearcadh na cobhsaíochta airgeadais de. Níor ardaigh aon cheann de na freagróirí aon mhórfhadhb.

*Méideanna barúlacha*

Is príomhréimse é seo agus is ríthábhachtach go gcuirfear faisnéis ann i gceart. Luaitear in Airteagal 3(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 148/2013 conas ba cheart é a líonadh isteach le haghaidh cineálacha áirithe conarthaí díorthach. Soláthraítear sainmhínithe ar 'Mhéid barúlach' agus ar 'Chainníocht' i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 148/2013 freisin. Soláthraítear treoracha mionsonraithe maidir le méideanna barúlacha a thuairisciú do tháirgí éagsúla thar an gcuntar sa treoraíocht ón gCoiste ar Chórais Íocaíochta agus Socraíochta- IOSCO. Mhol ESMA go n-úsáidfí ábhar na treoraíochta sin chun méideanna barúlacha a thuairisciú faoi EMIR le haghaidh díorthach thar an gcuntar. Ba thacúil, go ginearálta, an t-aiseolas a fuarthas.

*Praghas*

Sa Pháipéar Comhairliúcháin, mhol ESMA leasuithe áirithe ar na sásraí lena dtuairiscítear praghas chonradh díorthach. Go háirithe, mhol ESMA na réimsí agus na sainmhínithe a athrú chun iad a ailíniú níos fearr le treoraíocht idirnáisiúnta agus shoiléirigh sé nár cheart an réimse 'Praghas' a líonadh isteach ach amháin i gcás nach soláthraítear an fhaisnéis i réimse eile. Go ginearálta, bhí na freagróirí dearfach faoi na moltaí a rinne ESMA.

*Tuarascálacha a nascadh*

Bunaithe ar threoraíocht idirnáisiúnta, mhol ESMA sa Pháipéar Comhairliúcháin sé réimse nua a thabhairt isteach. Bhí tuairimí éagsúla ag na freagróirí maidir leis na réimsí nua sin a thabhairt isteach. Measann ESMA go gcuirfear soiléirithe faoi conas na réimsí tuairiscithe nua sin a líonadh isteach san áireamh i dtreoirlínte EMIR maidir le tuairisciú amach anseo. Mhol ESMA go ndéanfaí tuarascálacha a bhaineann le díorthaigh a théann isteach sa chleachtadh comhbhrú agus a leanann as an gcleachtadh comhbhrú céanna a nascadh trí aitheantóir comónta agus é a úsáid chun díorthaigh a nascadh, ní hamháin i gcás comhbhrúite, ach i gcás teagmhais iarthrádála eile chun riosca a laghdú, amhail athchothromú. I bhfianaise an aiseolais a fuarthas, chinn ESMA gur cheart é sin a thuairisciú, i gcás inarb infheidhme, go háirithe i gcás comhbhrú le soláthraí seirbhíse tríú páirtí nó CPL agus athchothromú punainne.

## 3. MEASÚNÚ TIONCHAIR

Ní dhearna an Coimisiún measúnú tionchair mionsonraithe ar na caighdeáin theicniúla rialála atá beartaithe ach tá a mheasúnú bunaithe ar anailís costais agus tairbhe ESMA a áiríodh ina Thuarascáil Deiridh.

Rinne agus d'fhoilsigh an Coimisiún anailís cheana ar na príomhchinntí beartais maidir leis an togra reachtach a spreag Rialachán (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Tuigeann ESMA go gcuirfidh na leasuithe beartaithe ar na caighdeáin theicniúla feabhas ar cháilíocht na sonraí a thuairiscítear faoi EMIR agus dá bhrí sin go soláthraítear leo buntáiste soiléir do na húdaráis atá i dteideal rochtain a fháil ar shonraí EMIR, agus do na heintitis tuairiscithe agus do na stórtha trádála freisin. Mar shampla, tá coinne leis go mbeidh laghdú suntasach i gcostais le haghaidh eintitis a thuairiscíonn faoi roinnt dlínsí mar gheall ar na leasuithe beartaithe a ailíníonn na ceanglais san Aontas le treoraíocht dhomhanda maidir le díorthaigh thar an gcuntar a thuairisciú. Ar an gcaoi chéanna, de bharr tuilleadh caighdeánaithe a dhéanamh ar fhormáidí agus ar an úsáid a bhaineann na contrapháirtithe as ISO 20022 chun tuairisciú do na stórtha trádála, cuirfear tuilleadh feabhais ar uathoibriú an tuairiscithe, laghdóidh ar na saincheisteanna cáilíochta sonraí agus rannchuideofar leis na tuarascálacha a réiteach ar bhealach níos éasca, agus is lú an gá a bheidh le hualaí troma de phróisis leantacha i dtaca leis na sosanna réitigh dá réir.

Cé gur mó na buntáistí ná na costais, is dosheachanta sa ghearrthéarma go ngearrfaidh na modhnuithe ar na córais tuairiscithe a thagann chun cinn ó na caighdeáin rialála agus theicniúla cur chun feidhme costais ar na húdaráis, ar na contrapháirtithe agus ar na stórtha trádála. Tá ESMA ag moladh go gcuirfí amlíne chun feidhme, rud a chuideodh leis na himpleachtaí costais a mhaolú.

## 4. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Cuirtear i láthair in Airteagal 1 mionsonraí atá le leagan amach i dtuarascálacha.

Leagtar amach in Airteagal 2 conas trádálacha imréitithe a thuairisciú.

Suitear le hAirteagal 3 na coinníollacha atá le tuairisciú ar leibhéal suímh.

Suitear le hAirteagal 4 na mionsonraí maidir leis an tuairisciú ar neamhchosaintí.

Sonraítear le hAirteagal 5 an tuairisciú ar mhéideanna barúlacha.

Sonraítear le hAirteagal 6 an tuairisciú ar phraghsanna.

Sonraítear in Airteagal 7 na hoibleagáidí maidir le nascadh tuarascálacha a bhaineann le díorthaigh arna dtabhairt i gcrích nó arna bhfoirceannadh de thoradh an teagmhais chéanna.

Déantar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 148/2013 a aisghairm in Airteagal 8.

Leagtar amach le hAirteagal 9 cur i bhfeidhm na rialacha atá beartaithe ag 18 mí tar éis dó teacht i bhfeidhm.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.6.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear íos-mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála agus maidir leis an gcineál tuarascálacha atá le húsáid**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála[2], agus go háirithe Airteagal 9(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh leasú substaintiúil ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 148/2013 an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála faoi íos- mhionsonraí na sonraí atá le tuairisciú do stórtha trádála. Ós rud é go mbeadh gá le breis leasuithe chun feabhas a chur ar shoiléireacht an chreata tuairiscithe agus chun comhleanúnachas le caighdeáin theicniúla cur chun feidhme nua agus le caighdeáin eile arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a áirithiú, ba cheart é a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad.

(2) Tuairisciú mionsonraí díorthach go hiomlán agus go cruinn, lena n-áirítear tabhairt le tuiscint na dteagmhas gnó a spreag na hathruithe ar na díorthaigh, is rud ríthábhachtach é sin lena áirithiú gur féidir sonraí na ndíorthach a úsáid go héifeachtach.

(3) I gcás ina bhfuil conradh díorthach comhdhéanta de mheascán de chonarthaí díorthacha a ndéantar a chaibidliú le chéile mar thoradh ar chomhaontú eacnamaíoch aonair, ní mór do na húdaráis inniúla saintréithe gach ceann de na conarthaí díorthacha lena mbaineann a thuiscint. Ós rud é go gcaithfidh údaráis inniúla a bheith in ann an comhthéacs foriomlán a thuiscint freisin, ba cheart é a bheith follasach ón tuarascáil gur cuid de dhíorthach casta é an conradh díorthach. Dá bhrí sin, ba cheart conarthaí

2 IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

díorthacha a bhaineann le meascán de chonarthaí díorthacha a thuairisciú i dtuarascálacha ar leithligh maidir le gach conradh díorthach agus aitheantóir inmheánach leis chun nasc idir na tuarascálacha a sholáthar.

(4) I gcás conarthaí díorthacha atá comhdhéanta de mheascán de chonarthaí díorthacha is gá a thuairisciú i níos mó ná tuarascáil amháin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair a chinneadh conas ba cheart an fhaisnéis ábhartha faoin gconradh a leagan amach thar thuarascálacha agus, dá bhrí sin, cá mhéad tuarascálacha ba cheart a chur isteach. Dá bhrí sin, ba cheart do chontrapháirtithe teacht ar chomhaontú faoin líon tuarascálacha ina dtabharfar mionsonraí faoi chonradh den sórt sin atá le cur isteach.

(5) Chun solúbthacht a áireamh, ba cheart do chontrapháirtí a bheith in ann tuairisciú conartha a tharmligean chuig contrapháirtí eile nó chuig tríú páirtí. Ba cheart do chontrapháirtithe a bheith in ann teacht ar chomhaontú chun tuairisciú a tharmligean chuig tríú eintiteas comónta freisin, lena n-áirítear contrapháirtí lárnach ('CPL'). Chun cáilíocht sonraí a áirithiú nuair a dhéantar tuarascáil amháin thar ceann an dá chontrapháirtí, ba cheart na mionsonraí ábhartha uile a bheith ann i ndáil le gach contrapháirtí. I gcás ina ndéantar an tuairisciú a tharmligean, ba cheart an tsraith iomlán mionsonraí a bheith sa tuarascáil a thuairisceofaí dá mba é an contrapháirtí tuairiscithe a rinne an tuarascáil.

(6) Tá sé tábhachtach a aithint go ngníomhaíonn CPL mar pháirtí i gconradh díorthach. Dá réir sin, i gcás ina n-imréitíonn CPL conradh atá ann cheana féin ina dhiaidh sin, ba cheart an conradh a thuairisciú a bheith foirceannta agus ba cheart an conradh nua a leanann as imréiteach a thuairisciú.

(7) Tá sé tábhachtach a aithint freisin, maidir le díorthaigh áirithe, amhail díorthaigh arna dtrádáil ar ionaid trádála nó ar ardáin trádála atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, díorthaigh arna n-imréiteach ag CPLanna nó conarthaí difríochta, go ndéantar iad a fhoirceannadh go minic agus a chur san áireamh i suíomh agus go ndéantar an riosca maidir le díorthaigh den sórt sin a bhainistiú ar leibhéal suímh. Ina theannta sin, is é an suíomh a leanann as sin, seachas na díorthaigh bhunaidh ar leibhéal trádála, a bhíonn faoi réir na dteagmhas saolré ina dhiaidh sin. Chun tuairisciú éifeachtach agus cruinn ar dhíorthaigh den sórt sin a chumasú, ba cheart cead a bheith ag contrapháirtithe tuairisciú ar leibhéal suímh a dhéanamh. Chun a áirithiú nach n-úsáideann contrapháirtithe tuairisciú ar leibhéal suímh go míchuí, ba cheart coinníollacha sonracha a leagan amach ar cheart iad a chomhlíonadh chun tuairisciú ar leibhéal suímh a dhéanamh.

(8) Chun faireachán a dhéanamh i gceart ar neamhchosaintí agus ar chomhchruinniú rioscaí sistéamacha, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcuirtear an fhaisnéis iomlán agus chruinn faoi neamhchosaint agus faoi chomhthaobhacht a mhalartaítear idir dhá chontrapháirtí faoi bhráid stórtha trádála. Luach conartha atá faoi réir ag marcáil ón margadh nó ag marcáil de réir samhla, léiríonn sé comhartha agus méid na neamhchosaintí a bhaineann leis an gconradh sin, agus comhlánaíonn sé an fhaisnéis faoin luach bunaidh a shonraítear sa chonradh. Dá réir sin, tá sé fíor- riachtanach go dtuairiscíonn contrapháirtithe luachálacha ar chonarthaí díorthacha de réir modheolaíochta comónta. Ina theannta sin, tá sé chomh tábhachtach céanna tuairisciú ar éarlaisí tosaigh agus athrúcháin atá breactha agus faighte agus a bhaineann le díorthach áirithe a éileamh. Dá bhrí sin, contrapháirtithe a dhéanann a ndíorthaigh a chomhthaobhú, ba cheart dóibh mionsonraí faoi chomhthaobhú den sórt sin a

thuairisciú ar bhonn an leibhéal trádála. I gcás ina ríomhtar comhthaobhacht ar bhonn punainne, ba cheart do chontrapháirtithe éarlaisí tosaigh agus athrúcháin atá breactha agus faighte agus a bhaineann leis an bpunann sin a thuairisciú trí chód uathúil arna chinneadh ag an gcontrapháirtí tuairiscithe a úsáid. Ba cheart don chód uathúil sin an phunann shonrach a malartaítear an chomhthaobhacht ina leith a shainaithint agus ba cheart dó a áirithiú gur féidir na díorthaigh ábhartha uile a nascadh leis an bpunann áirithe sin.

(9) Is saintréith fhíor- riachtanach de dhíorthach é méid barúlach chun na hoibleagáidí atá bainteach leis an díorthach sin a chinneadh. Ina theannta sin, úsáidtear méideanna barúlacha mar chuid den mhéadracht chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaintí, méideanna trádála agus méid an mhargadh díorthach. Dá réir sin, is fíor- riachtanach é méideanna barúlacha a thuairisciú go comhsheasmhach. Chun a áirithiú go ndéanfaidh contrapháirtithe méideanna barúlacha a thuairisciú ar bhealach comhchuibhithe, ba cheart an modh a éilítear chun méid barúlach a ríomh a shonrú maidir le cineálacha éagsúla táirgí.

(10) Ar an gcaoi chéanna, ba cheart faisnéis a bhaineann le praghsáil díorthach a thuairisciú go comhsheasmhach agus mar sin a cheadú d'údaráis inniúla na neamhchosaintí tuairiscithe a fhíorú, meastóireacht a dhéanamh ar chostais agus leachtacht sna margaí díorthach, chomh maith le comparáid a dhéanamh ar phraghsanna táirgí comhchosúla arna dtrádáil i margaí difriúla.

(11) De thoradh teagmhas saolré amhail imréiteach, nuachan nó comhbhrú, déantar díorthaigh áirithe a chruthú, a mhodhnú nó a fhoirceannadh. Chun é a chur ar chumas údarás inniúil na hoird teagmhas a tharlaíonn sa mhargadh agus na caidrimh idir na díorthaigh thuairiscithe a thuiscint, is fíor- riachtanach é modh a sholáthar chun na díorthaigh ábhartha uile a bhfuil tionchar ag an teagmhas saolré céanna orthu a nascadh. Ós rud é go bhféadfaidh an bealach is éifeachtúla chun na díorthaigh a nascadh a bheith difriúil ag brath ar chineál an teagmhais, ba cheart modhanna nasctha éagsúla a leagan amach.

(12) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

(13) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

(14) Chun a chur ar chumas contrapháirtithe agus stórtha trádála na gníomhartha uile is gá chun dul in oiriúint do na ceanglais nua a dhéanamh, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar 18 mí,

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Mionsonraí le leagan amach i dtuarascálacha de bhun Airteagal 9(1) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012***

1. Cuirfear san áireamh i dtuarascálacha do stórtha trádála a dhéantar de bhun Airteagal 9(1) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2021, na mionsonraí iomlána agus cruinne a leagtar amach i dTáblaí 1, 2 agus 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis an díorthach lena mbaineann.
Déanfar na mionsonraí sin a thuairisciú i dtuarascáil aonair.

2. Agus conclúid, modhnú nó foirceannadh an dhíorthaigh á dtuairisciú, déanfaidh contrapháirtí mionsonraí an chineáil gníomhaíochta agus an chineáil teagmhais a mbaineann an chonclúid, modhnú nó foirceannadh sin leis nó léi a shonrú ina thuarascáil, mar a dtugtar tuairisc air i réimsí 151 agus 152 i dTábla 2 den Iarscríbhinn.

3. De mhaolú ar mhír 1, i gcás nach dtugtar deis sna réimsí i dTáblaí 1, 2 agus 3 den Iarscríbhinn na mionsonraí dá dtagraítear i mír 1 a thuairisciú, déanfar na mionsonraí sin a thuairisciú i dtuarascálacha ar leithligh, amhail i gcás ina bhfuil an conradh díorthach comhdhéanta de mheascán de chonarthaí díorthacha a dhéantar a chaibidliú le chéile mar thoradh ar chomhaontú eacnamaíoch aonair.

   Contrapháirtithe i gconradh díorthach atá comhdhéanta de mheascán de chonarthaí díorthacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, comhaontóidh siad an líon tuarascálacha ar leithligh atá le seoladh chuig stór trádála i ndáil leis an gconradh díorthach sin.

   Déanfaidh an contrapháirtí tuairiscithe na tuarascálacha ar leithligh a nascadh le haitheantóir atá uathúil ar leibhéal an chontrapháirtí don ghrúpa tuarascálacha díorthacha, i gcomhréir le réimse 6 i dTábla 2 den Iarscríbhinn.

4. I gcás ina ndéantar tuarascáil amháin thar ceann an dá chontrapháirtí, beidh na mionsonraí a leagtar amach i dTáblaí 1, 2 agus 3 den Iarscríbhinn ann i ndáil le gach ceann de na contrapháirtithe.

5. I gcás ina dtuairiscíonn contrapháirtí amháin mionsonraí díorthaigh do stór trádála thar ceann an chontrapháirtí eile, nó i gcás ina dtuairiscíonn tríú eintiteas conradh do stór trádála thar ceann contrapháirtí amháin nó an dá chontrapháirtí, beidh san áireamh sna mionsonraí arna dtuairisciú an tsraith iomlán mionsonraí a thuairisceofaí dá mbeadh na díorthaigh tuairiscithe don stór trádála ag gach contrapháirtí ar leithligh.

*Airteagal 2*

***Trádálacha imréitithe***

1. I gcás ina ndéantar díorthach ar tuairiscíodh mionsonraí faoi cheana féin de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a imréiteach ina dhiaidh sin ag contrapháirtí lárnach (‘CPL’), tuairisceofar an díorthach sin mar fhoirceannta tríd an gcineál gníomhaíochta ‘Foirceann’ agus an cineál teagmhais ‘Imréiteach’ a shonrú i

réimsí 151 agus 152 i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Tuairisceofar díorthaigh nua a leanann as imréiteach tríd an gcineál gníomhaíochta 'Nua' agus an cineál teagmhais 'Imréiteach' a shonrú i réimsí 151 agus 152 i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. I gcás ina dtugtar conradh i gcrích ar ionad trádála nó ar ardán trádála eagraithe atá lonnaithe lasmuigh den Aontas agus go n-imréitíonn CPL é an lá céanna, ní thuairisceofar ach na díorthaigh a leanann as imréiteach. Tuairisceofar na díorthaigh sin tríd an gcineál gníomhaíochta 'Nua' nó an cineál teagmhais 'Comhpháirt suímh' a shonrú i réimsí 151 agus 152 i dTábla 2 den Iarscríbhinn, i gcomhréir le hAirteagal 3(2), agus an cineál teagmhais 'Imréiteach'.

*Airteagal 3*
***Tuairisciú ar leibhéal suímh***

1. I ndiaidh do chontrapháirtí mionsonraí faoi dhíorthach atá tugtha i gcrích ag contrapháirtí a thuairisciú agus foirceannadh an dhíorthaigh sin de bharr cuimsiú i suíomh, beidh cead ag contrapháirtí tuairisciú ar leibhéal suímh a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas go léir:

(a) déantar an riosca a bhainistiú ar leibhéal suímh;

(b) baineann na tuarascálacha leis na díorthaigh a tugadh i gcrích ar ionad trádála nó ar ardán trádála eagraithe atá lonnaithe lasmuigh den Aontas nó le díorthaigh a d'imréitigh CPL nó le conarthaí difríochta atá idirmhalartach lena chéile agus ar cuireadh an suíomh ina n-ionad.

(c) tuairiscíodh na díorthaigh ar leibhéal suímh dá dtagraítear i réimse 154 i dTábla 2 den Iarscríbhinn i gceart sular cuireadh san áireamh iad sa suíomh;

(d) déantar teagmhais eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na réimsí comónta i dtuarascáil an tsuímh a thuairisciú ar leithligh;

(e) foirceannadh go cuí na díorthaigh dá dtagraítear i bpointe (b) tríd an gcineál gníomhaíochta 'Foirceann' a léiriú i réimse 151 i dTábla 2 den Iarscríbhinn agus an cineál teagmhais 'Cuimsiú i suíomh' a léiriú i réimse 152 i dTábla 2 den Iarscríbhinn;

(f) tuairiscíodh an suíomh a lean as sin go cuí, mar shuíomh nua nó mar nuashonrú ar shuíomh a bhí ann cheana féin;

(g) rinneadh an tuarascáil faoin suíomh i gceart trí na réimsí infheidhme go léir i dTáblaí 1 agus 2 den Iarscríbhinn a líonadh isteach agus tríd a léiriú go bhfuil an tuarascáil déanta ar leibhéal suímh i réimse 154 i dTábla 2 den Iarscríbhinn;

(h) comhaontaíonn na contrapháirtithe leis an díorthach gur cheart an díorthach a thuairisciú ar leibhéal suímh.

2. I gcás ina bhfuil díorthach atá ann cheana féin le cur san áireamh i dtuarascáil ar leibhéal suímh an lá céanna, tuairisceofar díorthach den sórt sin agus an cineál gníomhaíochta 'Comhpháirt suímh' i réimse 151 i dTábla 2 den Iarscríbhinn.

3. Tuairisceofar nuashonruithe ina dhiaidh sin, lena n-áirítear nuashonruithe luachála, nuashonruithe comhthaobhachta agus modhnuithe agus teagmhais saolré eile, ar leibhéal suímh agus ní thuairisceofar iad i gcás na ndíorthach bunaidh ar leibhéal trádála a foirceannadh agus a cuireadh san áireamh sa suíomh sin.

*Airteagal 4*

***Tuairisciú ar neamhchosaintí***

1. Cuirfear san áireamh sna sonraí faoi chomhthaobhacht maidir le díorthaigh imréitithe agus neamh- imréitithe araon an chomhthaobhacht uile atá breactha agus faighte i gcomhréir le réimsí 1 go 29 i dTábla 3 den Iarscríbhinn.

2. I gcás ina ndéanann contrapháirtí 1 comhthaobhú ar bhonn punainne, déanfaidh an contrapháirtí 1 nó an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú an comhthaobhú atá breactha agus faighte ar bhonn punainne a thuairisciú do stór trádála i gcomhréir le réimsí 1 go 29 i dTábla 3 den Iarscríbhinn agus sonróidh sé cód lena n-aithnítear an phunann i gcomhréir le réimse 9 i dTábla 3 den Iarscríbhinn.

3. Contrapháirtithe neamhairgeadais seachas iad sin dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó na heintitis atá freagrach as tuairisciú thar a gceann, ní cheanglófar orthu comhthaobhacht, luacháil marcála ón margadh nó luacháil ar mharcáil de réir samhla ar na conarthaí a leagtar amach i dTábla 2 agus i dTábla 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a thuairisciú.

4. Maidir le díorthaigh a imréitíonn CPL, tuairisceoidh an contrapháirtí 1 nó an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú luacháil an dhíorthaigh arna sholáthar ag an CPL i gcomhréir le réimsí 21 go 25 i dTábla 2 den Iarscríbhinn.

5. Maidir le díorthaigh nach n-imréitíonn CPL iad, tuairisceoidh an contrapháirtí 1 nó an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú, i gcomhréir le réimsí 21 go 25 i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, luacháil an dhíorthaigh a rinneadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a shainmhínítear i Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 13, Tomhas Luach Cóir, mar a glacadh le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún[4], gan aon choigeartú ar an luach cóir a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 5*

***Méid barúlach***

1. Déanfar méid barúlach dhíorthach dá dtagraítear i réimsí 55 agus 64 i dTábla 2 den Iarscríbhinn a shonrú mar a leanas:

   (a) i gcás babhtálacha, todhchaíochtaí, conarthaí réamhcheaptha agus céadroghanna a thrádáiltear in aonaid airgeadaíochta, an méid tagartha;

---

4 Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 320, 29.11.2008, lch. 1).

(b) i gcás céadroghanna seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (a), ríomhfar iad agus an praghas ceangail á úsáid;

(c) i gcás conarthaí réamhcheaptha seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (a), táirge an réamhphraghais agus cainníocht bharúlach iomlán an ábhair is bunús leis an gconradh réamhcheaptha;

(d) i gcás babhtálacha díbhinne cothromais, táirge an cheangail tréimhse seasta agus an líon scaireanna nó aonad innéacs;

(e) i gcás babhtálacha luaineachta cothromais, an méid barúlach vega;

(f) i gcás babhtálacha athraithis cothromais, méid an athraithis;

(g) i gcás conarthaí airgeadais difríochta, an méid a leanann as an bpraghas tosaigh agus an chainníocht barúlach iomlán;

(h) i gcás babhtálacha tráchtearra seasta/bonnbhabhtálacha, táirge an phraghais seasta agus an chainníocht barúlach iomlán;

(i) i gcás babhtálacha ar bhonn tráchtearra, táirge an spotphraghais deiridh a bhí ar fáil amhail an tráth a rinneadh idirbheart na bunsócmhainne sa chéim gan raon difríochta agus cainníocht bharúlach iomlán na céime gan raon difríochta;

(j) i gcás roghtálacha, méid barúlach an chonartha fholuitigh.

(k) i gcás díorthach nach ndéantar tagairt dó i bhfomhíreanna (a) go (j), i gcás ina ríomhtar an méid barúlach agus praghas na bunsócmhainne á úsáid, agus nach bhfuil an praghas sin ar fáil ach amháin tráth na socraíochta, praghas na bunsócmhainne ag deireadh an lae amhail an dáta a dtugtar an conradh i gcrích.

2. Maidir le tuarascáil tosaigh ar chonradh díorthach a dtagann éagsúlacht ar a mhéid barúlach le himeacht ama, sonrófar an méid barúlach is infheidhme amhail an dáta ar tugadh an conradh díorthach i gcrích agus sonrófar sceideal an mhéid bharúlaigh.

Agus sceideal an mhéid bharúlaigh á thuairisciú ag contrapháirtithe, léireoidh siad na nithe go léir a leanas:

(i) an dáta neamhchoigeartaithe ar a mbeidh éifeacht leis an méid barúlach gaolmhar;

(ii) dáta deiridh neamhchoigeartaithe an mhéid bharúlaigh;

(iii) an méid barúlach a mbeidh éifeacht leis ar an dáta éifeachtach neamhchoigeartaithe gaolmhar.

*Airteagal 6*
***Praghas***

1. Déanfar praghas dhíorthach dá dtagraítear i réimse 48 i dTábla 2 den Iarscríbhinn a shonrú mar a leanas:

(a) i gcás babhtálacha le híocaíochtaí tréimhsiúla a bhaineann le tráchtearraí, an praghas seasta;

(b) i gcás réamhchonarthaí a bhaineann le tráchtearraí agus cothromais, réamhphraghas na réamhchonarthaí foluiteacha;

(c) i gcás babhtálacha a bhaineann le cothromais agus conarthaí difríochta, praghas tosaigh na gcothromas agus na gconarthaí foluiteacha;

2. Ní shonrófar praghas díorthaigh i réimse 48 i dTábla 2 den Iarscríbhinn i gcás ina sonraítear é i réimse eile i dTábla 2 den Iarscríbhinn.

*Airteagal 7*
***Tuarascálacha a nascadh***

Déanfaidh an contrapháirtí tuairiscithe, nó an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú, na tuarascálacha a bhaineann leis na díorthaigh a cuireadh i gcrích nó a foirceannadh de thoradh an teagmhas céanna dá dtagraítear i réimse 152 i dTábla 2 den Iarscríbhinn, a nascadh mar a leanas:

(a) i gcás imréitigh, idirghabhála, leithdháilte agus feidhmithe, tuairisceoidh an contrapháirtí Aitheantóir Uathúil Idirbhirt (‘UTI’) an dhíorthaigh bhunaidh a foirceannadh de thoradh an teagmhas dá dtagraítear sa réimse 152 i dTábla 2 sa réimse 3 i dTábla 2 den Iarscríbhinn laistigh den tuarascáil nó de na tuarascálacha a bhain leis an díorthach nó leis na díorthaigh a lean as an teagmhas sin;

(b) i gcás ina gcuimsítear díorthach i suíomh, tuairisceoidh an contrapháirtí UTI an tsuímh ar cuireadh an díorthach sin san áireamh ann sa réimse 4 i dTábla 2 den Iarscríbhinn laistigh den tuarascáil ar an díorthach sin a seoladh leis an gcineál gníomhaíochta ‘Comhpháirt suímh’ nó le meascán de chineál gníomhaíochta ‘Foirceann’ agus cineál teagmhais ‘Cuimsiú i suíomh’;

(c) i gcás teagmhas laghdaithe riosca iarthrádála (‘PTRR’) le soláthraí seirbhíse PTRR nó le CPL a sholáthraíonn an tseirbhís PTRR, déanfaidh an contrapháirtí cód uathúil idirbhirt, lena n-aithnítear gurbh é an soláthraí seirbhíse PTRR sin nó an CPL sin a sholáthair an teagmhas sin, a thuairisciú sa réimse 5 i dTábla 2 den Iarscríbhinn laistigh de na tuarascálacha uile a bhaineann leis na díorthaigh ar foirceannadh iad de bharr an teagmhais sin nó leis na díorthaigh a leanann as an teagmhas sin.

*Airteagal 8*
***Aisghairm***

Aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 148/2013.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 9*
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta an chéad Luain i ndiaidh an dáta arb ionann é agus 18 mí tar éis an dáta teacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.6.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*